2026/2150

29.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2150 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meán Fómhair 2026

lena gceadaítear don tSeicia táirgí bithicídeacha ina bhfuil ocsaíd eitiléine a údarú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 6691)

(Is é an téacs Seicise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 55(3) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ocsaíd eitiléine i gcineál táirge 2 (díghalráin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe lena gcur go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, cuimsíodh í sa chlár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha dá dtagraítear sa Rialachán sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]). Cuireadh isteach iarratas ar fhormheas ocsaíde eitiléine i gcineál táirge 2 an 1 Nollaig 2009.

(2) Cinneadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1074 ón gCoimisiún ([3]) nach raibh an táirge ionadaíoch a cuimsíodh san iarratas ar fhormheas faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, dá thoradh sin, gurbh iomchuí gan ocsaíd eitiléine a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 55(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, an 5 Feabhra 2026, chuir an tSeicia iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar mhaolú ar Airteagal 19(1), pointe (a), den Rialachán sin, inar iarr sí cead a bheith aici táirgí bithicídeacha ina bhfuil ocsaíd eitiléine a údarú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint.

(4) De réir na faisnéise a chuir an tSeicia ar fáil, tá úsáid ocsaíde eitiléine fíor-riachtanach chun déantáin oidhreachta cultúrtha a chosaint, go háirithe réada atá bunaithe ar pholaisiúicrídí (ceallalós go príomha) agus ar phróitéiní (collaigin go príomha), amhail ábhar cartlainne, bailiúcháin leabharlainne, taispeántais mhúsaeim, réada oidhreachta fótagrafacha agus cineamatagrafaíochta, ós rud é gur cosúil gurb í an t-aon teicníc éifeachtúil í chun rialú a dhéanamh ar éagsúlacht na n-orgánach díobhálach a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar réada den sórt sin. De réir na Seicia, is é an díghalrú le hocsaíd eitiléine i seomraí toitrithe an nós imeachta díghalraithe is éifeachtaí chun réada oidhreachta cultúrtha a chosaint, ní hamháin mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfaí cóireáil mhórscála ar bhailiúcháin, ach go háirithe mar gheall ar a chumas ard treáite, éifeachtúlacht speictrim leathan (in aghaidh baictéar, víreas, fungas agus spór, lena n-áirítear speicis fhrithsheasmhacha nach féidir le modhanna eile a scriosadh), an teocht íseal is gá chun ábhair atá íogair ó thaobh teasa de a chóireáil, amhail formhór na n-ábhar orgánach, chomh maith le comhoiriúnacht leis na hábhair chóireáilte, rud a dhéanann damáiste ábhartha íosta.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/1062/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1074 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2025 gan ocsaíd eitiléine a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/1074, 3.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1074/oj.

(5) De réir na Seicia, níl aon mhodh malartach iomchuí ann chun réada oidhreachta cultúrtha a chóireáil. Ní léiríonn go leor ionadaigh cheimiceacha ach éifeacht fhungas-stait nó bhaictéarastatach, rud a chuireann bac sealadach ar fhás miocrorgánach, seachas éifeacht bhithicídeach lena n-áirithítear go ndíchuirtear go hiomlán iad. Léiríonn modhanna den sórt sin treá neamhleor in ábhair mhóra, nó bíonn tionchair dhiúltacha acu ar chobhsaíocht agus ar dhath líocha. De réir na Seicia, tá modh na hanocsachta éifeachtach in aghaidh feithidí, ach tá sé neamhéifeachtach in aghaidh múscáin agus baictéar. Is teicníc í radaíocht gháma atá an-chostasach agus deacair a mhacasamhlú agus a bhfuil trealamh sonrach ag teastáil ina leith. De réir na Seicia, cé gurb í an gháma-radaíocht an t-aon rogha mhalartach theoiriciúil ar mhórscála, tá sé léirithe go bhfuil sí ina cúis le díghrádú mór ceallalóis, rud a laghdaíonn cobhsaíocht agus marthanacht na ndoiciméad go mór agus is féidir le teicnící ísealteochta (reo) stop a chur le fás múscáin ach níl siad éifeachtach in aghaidh spór.

(6) Mar a léirigh an tSeicia san iarratas, is pearsanra oilte amháin a dhéanann díghalrú le hocsaíd eitiléine i saoráidí speisialaithe saintógtha, tar éis próiseas docht rialaithe. Tar éis an díghalraithe, déantar céim aerála/aeraithe ilchéimneach, chun iarmhair gháis a bhaint de na réada. Ráthaítear ardleibhéil sábháilteachta d'oibreoirí trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar thiúcháin iarmharacha gáis dhí-asaithe ag gach céim den phróiseas trí chrómatagrafaíocht gháis a úsáid. Chun astú gáis isteach san atmaisféar a chosc, tá gach saoráid feistithe le haonad diúscartha dramhgháis, ar a dtugtar laghdaitheoir, a úsáideann teicneolaíocht dócháin chatalaíoch chun ocsaíd eitiléine a dhianscaoileadh isteach i ngal uisce agus i ndé-ocsaíd charbóin.

(7) Léiríonn an fhaisnéis agus an t-údar atá san iarratas a chuir an tSeicia isteach go bhfuil úsáid ocsaíde eitiléine fíor-riachtanach chun déantáin oidhreachta cultúrtha a chosaint sa tSeicia agus nach bhfuil aon rogha mhalartach iomchuí ar fáil. Níl na roghanna malartacha éifeachtach go leor in aghaidh na spriocorgánach nó is féidir leo damáiste a dhéanamh do na hábhair a chóireáiltear

(8) Ar bhonn na faisnéise agus an údair a chuir an tSeicia ar fáil, is iomchuí teacht ar an gconclúid go bhfuil ocsaíd eitiléine fíor-riachtanach chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint sa tSeicia agus nach bhfuil aon rogha mhalartach iomchuí ar fáil faoi láthair. Ba cheart cead a bheith ag an tSeicia táirgí bithicídeacha ina bhfuil ocsaíd eitiléine a údarú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Féadfaidh an tSeicia táirgí bithicídeacha ina bhfuil ocsaíd eitiléine a údarú chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint go dtí an 31 Iúil 2031.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Seice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún